# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1178 ÓN gCOIMISIÚN

## an 11 Aibreán 2023

## lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/47 lena n-údaraítear tráil T90 mhalartacha a úsáid in iascach Muir Bhailt, de mhaolú ar Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 8 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráidí sna leaganacha Cróitise, Fionlainnise, Gréigise, Laitvise agus Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/47 ón gCoimisiún ([2]) in Airteagal 4(1), pointe (b), a mhéid a bhaineann leis an údarú chun úsáid a bhaint as tráil T90 a chomhlíonann na sonraíochtaí maidir le líon na mogall arb éard a bheidh ann 80 mogall timpeall in aon imlíne de cheann an tráil *sensu stricto* agus den síneadh, gan na ceangail agus na dlúthchiumhaiseanna san áireamh. Déanann na hearráidí sin difear do shubstaint na forála sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Cróitise, Fionlainnise, Gréigise, Laitvise agus Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/47 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Aibreán 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 191, 15.7.2016, lch. 1.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/47 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2017 lena n-údaraítear tráil T90 mhalartacha a úsáid in iascach Muir Bhailt, de mhaolú ar Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 7, 12.1.2018, lch. 21).